Topaic 10: Tinneas agus Gortuithe

Feidhmeanna

San aonad seo foghlaimeoidh an foghlaimeoir conas:

10.1 ~ a rá nach bhfuil sé/sí ag mothú go maith 10.2 ~ ceist a chur ar dhuine eile cad atá cearr leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt 10.3 ~ comhbhá a léiriú le duine 10.4 ~ eolas a thabhairt faoi thinneas nó faoi ghortú 10.5 ~ ceist a chur ar dhuine an mothaíonn sé/sí níos fearr agus an cheist sin a fhreagairt

An ghramadach

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

- Forainmneacha réamhfhoclacha: ***orm, ort, air, uirthi agam, agat, aige, aici***
- Céimeanna comparáide na haidiachta: ***níos measa, níos fearr***
- An aimsir chaite: ***ghortaigh mé...bhris mé.... leon mé ...ghearr mé ...***
- Aidiachtaí sealbhacha: ***mo lámh, do chos***

Stór focal:

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

Baill bheatha: ***cluas, súil, ceann, srón (gaosán) muineál, sciathán, cos, bolg, lámh, méar, glúin***
Tinnis agus araile: ***tinnis cinn, slaghdán, scornach thinn/sceadamán nimhneach casachtach***, ***tinneas fiacaile/déideadh***, ***dochtúir, otharlann/ospidéal***

Beidh an foghlaimeoir in ann…

Labhairt	Na príomhpháirteanna den chorp, na príomhthinnis agus na príomhghortuithe a ainmniú. Ceisteanna a chur ar dhaoine eile faoin chaoi a bhfuil siad ag mothú, faoi cad atá mícheart leo nó an bhfuil siad ag mothú níos fearr. Ráitis an-simplí a dhéanamh faoi na nithe céanna.
Cluastuiscint	Ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.
Léamhthuiscint	Focail agus frásaí a bhaineann leis an ábhar seo a aithint. Comhráite simplí scríofa a bhaineann leis an ábhar a léamh.
Scríbhneoireacht	Na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le tinneas agus gortuithe a scríobh.

10.1 A rá nach bhfuil tú ag mothú go maith

(A) Mínigh agus múin na habairtí seo leanas do na foghlaimeoirí: (dírigh ar an leagan is coitianta sa cheantar ach cinntigh go dtuigfidh siad an leagan eile)

Ní mhothaím go maith./Ní bhraithim go maith.
Ní mhothaím/Ní bhraithim rómhaith.

© CÉ Má Nuad

Tá mé tinn.

10.2 Ceist a chur ar dhuine eile cad atá cearr leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Tabhair cóip de **Bhileog 10.2 (A): An corp** do gach duine sa rang agus bain úsáid as na pictiúir ar an bhileog chun na baill bheatha seo a leanas a mhúineadh:

cluas	*bolg*
súil	*lámh*
ceann	*méar*
srón(gaosán)	*glúin*
muineál	*droim*
sciathán	*cos*
fiacla	*scornach (sceadamán)*

- Scríobh na focail seo a leanas ar an chlár agus cuir ceist ar na foghlaimeoirí conas a deirtear 'my ear', 'your knee' agus araile.

cluas	*glúin*
bolg	*lámh*

- Éist leis na freagraí a thugann siad agus déan cinnte go dtuigeann siad an méid seo a leanas:

cluas	*mo c**h**luas*
bolg	*mo b**h**olg*
glúin	*do g**h**lúin*
lámh	*do lámh*

- Cuir ceist orthu an bhfuil a fhios acu cad a tharlaíonn nuair a chuirtear *mo* nó *do* roimh ainmfhocail a thosaíonn le guta nó *f*. An féidir leo samplaí a chur ar fáil? Tabhair na samplaí seo dóibh:

Bhris mé m'fhiacail.
Nigh d'aghaidh.

- Déan roinnt cleachtaidh ar an méid seo anois. Dírigh do mhéar ar do shrón agus abair *Seo mo shrón* ansin dírigh do mhéar ar do ghlúin agus abair *Seo mo ghlúin.* Abair leis na foghlaimeoirí aird faoi leith a thabhairt ar fhuaimniú na bhfocal.

- Nuair a bheidh roinnt mhaith cleachtaidh déanta, seiceáil go bhfuil an stór focal seo ar eolas ag na foghlaimeoirí trí do mhéar a dhíriú ar bhall den chorp agus iarraidh ar fhoghlaimeoir an focal a rá os ard.

Sampla: Díríonn an múinteoir a m(h)éar ar a s(h)úil.
Deir an foghlaimeoir: *Sin do shúil.*

© OE Má Nuad

(B) Múin na ceisteanna seo a leanas don rang**:**

Cad é atá ort?
Cad é atá cearr leat?

- Múin an dá nath ach dírigh ar an cheann atá coitianta sa cheantar ina bhfuil tú ag múineadh.

(C) Tabhair cóip de **Bhileog 10.2 (C) Tinneas agus gortuithe** do gach duine sa rang agus bain úsáid as na pictiúir chun na tinnis agus na gortuithe seo a leanas a mhúineadh. Abair leis na foghlaimeoirí gan aon rud a scríobh ar an bhileog gó fóill.

Tá *tinneas cinn* *orm.*
slaghdán
casachtach
tinneas cluaise
scornach thinn/sceadamán nimhneach
tinneas fiacaile/déideadh

Tá pian i *mo bholg.*
mo chos.

(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint agus Caint

- Iarr ar an rang éisteacht leis an dlúthdhiosca agus féachaint arís ar **Bhileog 10.2 (C): Tinneas agus gortuithe** agus gach abairt a chloiseann siad ar an dlúthdhiosca a mheaitseáil le ceann de na léaráidí. Iarr orthu uimhir a 1 a chur sa bhosca faoin léaráid a théann leis an chéad abairt a chloiseann siad agus mar sin ar aghaidh.
- Ansin ceartaigh an ghníomhaíocht. Iarr ar gach foghlaimeoir freagra a thabhairt Mar shampla: *Pictiúr a dó – Tá pian i mo chos.*
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna ansin.
- Iarr ar gach foghlaimeoir a ligean air féin gurb eisean/ise an duine i ngach léaráid.
- Iarr orthu sealanna a thógáil ag rá cén tinneas/gortú atá orthu.
- I ndiaidh cúpla bomaite, iarr ar gach foghlaimeoir cur síos a dhéanamh ar léaráid

  Sampla:
  Múinteoir: *Cad é atá ort?*
  Foghlaimeoir: *Tá pian i mo ghlúin.*
  Iarr ar an fhoghlaimeoir sin an cheist thuas *Cad é atá ort* a chur ar an chéad fhoghlaimeoir eile. Lean ar aghaidh mar sin go dtí go mbeidh gach foghlaimeoir cloiste agat.

10.3 Comhbhá a léiriú le duine

© CF Má Nuad

- Mínigh agus múin na habairtí seo a leanas do na foghlaimeoirí trí iarraidh ar an rang athrá a dhéanamh orthu roinnt uaireanta.
  Is mór an trua sin.
  A chréatúir!

10.4 Eolas a thabhairt faoi thinneas nó gortú

(A) Mínigh agus múin na ceisteanna agus na freagraí seo a leanas do na foghlaimeoirí.

Cad a tharla?	*Leon mé mo chos.*
	Ghortaigh mé mo dhroim.
	Bhris mé mo lámh.
	Ghearr mé mo mhéar.

- Múin na nathanna seo a leanas dóibh:

Bhí mé	*ag an dochtúir.*
	ag an fhiaclóir.
	san otharlann.

10.5 Ceist a chur ar dhuine an mothaíonn sé/sí níos fearr agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Mínigh agus múin na ceisteanna agus na freagraí seo leanas:

An bhfuil tú níos fearr?	*Tá, go raibh maith agat.*
	Níl, tá mé níos measa.
Conas atá tú anois?	*Tá mé níos fearr go raibh maith agat.*
	Tá mé tuirseach fós.
	Tá mé lag.

(B) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Abair leis na foghlaimeoirí go gcloisfidh siad ceithre chomhrá. I ngach ceann de na comhráite seo beidh duine ag caint faoi thinneas atá air/uirthi nó gortú a tharla dó/di.
- Nuair a chloisfidh siad gach comhrá caithfidh siad an tinneas/gortú a scríobh síos.
- Abair leo go gcloisfidh siad gach comhrá faoi dhó agus nár cheart dóibh a bheith buartha mura dtuigeann siad gach rud sna comhráite.
- Cuir ar siúl an dlúthdhiosca agus tabhair deis do na foghlaimeoirí na freagraí a scríobh síos.
- Déan an ghníomhaíocht a cheartú.

© OE Má Nuad

(C) Gníomhaíocht: Caint

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna. Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 10.5 (C): Rólaithris** agus tabhair Rólchárta A do dhuine amháin agus Rólchárta B don duine eile.
- Múin an nath seo a leanas dóibh:

  Tabhair aire duit féin.

- Tabhair cúpla nóiméad dóibh leis an rólghníomhaíocht a dhéanamh agus ansin iarr orthu Rólanna a mhalartú.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar chuid de na foghlaimeoirí an rólaithris a dhéanamh os comhair an ranga.
- Déan nóta d'aon bhotúin a dhéanann siad agus pléigh iad leis an rang ar fad ag deireadh na gníomhaíochta.

(D) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht

- Tabhair cóip **Bhileog 10.5 (D): Ríomhphost** do gach duine sa rang agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Léigh tús agus deireadh an ríomhphoist leo, tá seans nach dtuigfidh siad gach focal ach iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoin chiall atá leo.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, tabhair seans dóibh na freagraí a roghnaigh siad a phlé leis an duine in aice leo sula ndéanann tusa an ghníomhaíocht a cheartú.

(E) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna agus tabhair cóip de **Bhileog 10.5 (E): San ospidéal** do gach beirt.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo chun a chinntiú go dtuigeann siad gach rud. Ba cheart do gach beirt cabhrú le chéile agus iad ag scríobh na teachtaireachta.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, cuir ceist ar chúpla foghlaimeoir an méid a scríobh siad a léamh amach.
- Déan nóta de chuid de na botúin a dhéanann siad agus déan iad a phlé leis an rang go léir ag deireadh na gníomhaíochta.

(F) Cuir an méid seo a leanas ar an chlár:

bris	*B**h**ris mé mo chos.*
gearr	*G**h**earr mé mo mhéar.*
gortaigh	*G**h**ortaigh mé mo dhroim.*

© OÉ Má Nuad

leon *Leon mé mo chos.*
*téigh** *Chuaigh mé go dtí an dochtúir.*

- Cuir ceist orthu cén aimsir atá i gceist leis na briathra sa dara colún. Déan cinnte go dtuigeann siad gur an aimsir chaite atá i gceist agus mínigh go gcuirtear séimhiú ar an bhriathar san aimsir chaite, más féidir.
- Fiafraigh díobh ansin, cén fáth a bhfuil *Téigh* agus *Chuaigh* chomh difriúil sin? Éist lena dtuairimí agus mínigh dóibh go bhfuil an briathar *Téigh* neamhrialta agus mar sin, go bhfuil foirmeacha éagsúla aige san aimsir chaite agus i gcuid de na haimsirí eile.

(G) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint

D'fhéadfá é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht ranga nó d'fhéadfá é a thabhairt dóibh mar obair bhaile.

- Tabhair cóip de **Bhileog 10.5 (G): Róisín i nGaillimh**, do gach foghlaimeoir. Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo lena chinntiú go dtuigeann siad cad é go díreach atá le déanamh.
- Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach focal. Ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh buille faoi thuairim a thabhairt má bhíonn focal nó dhó ann nach dtuigeann siad.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr orthu a gcuid freagraí a phlé leis an duine in aice leo sula ndéanann tusa an ghníomhaíocht a cheartú.
- Agus tú ag ceartú na gníomhaíochta, d'fhéadfá iarraidh ar an rang na ráitis atá bréagach a cheartú, is é sin an t-eolas ceart a chur ar fáil.

(H) Gníomhaíocht: Foghraíocht

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh foghraíochta ar na fuaimeanna *m* leathan agus *m* caol sa Ghaeilge.
- Seinn an liosta focal thíos dóibh (***CUID A*** ar an DD) nó is féidir leat féin iad a rá. Ba cheart go mbeadh na focail le feiceáil acu (ar an chlár/ar thréshoilseán) chomh maith.

  1. *maith*
  2. *muineál*
  3. *máthair*
  4. *mór*
  5. *monarcha*
  6. *múinteoir*
  7. *Dé Máirt*
  8. *méar*
  9. *milseog*
  10. *níos measa*
  11. *meicneoir*
  12. *measartha*

- Cuir ceist orthu cad a thugann siad faoi deara.
- Éist leis na freagraí agus, más gá, mínigh dóibh go bhfuil dhá fhuaim ag an litir '*m*' sa Ghaeilge, '*m*' leathan agus '*m*' caol agus go mbraitheann fuaim an '*m*' ar an ghuta a bhíonn roimh nó i ndiaidh an '*m*'.

© OÉ Má Nuad

- Abair nó seinn na focail arís agus ansin iarr orthu na focail a rá i do dhiaidh.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís (***CUID B***) agus iarr orthu éisteacht go cúramach an t-am seo leis na fuaimeanna '*m'* in abairtí.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís agus go stopfaidh tú é i ndiaidh gach abairt agus gur mhaith leat iad ar fad le chéile gach abairt a rá i ndiaidh í a chloisteáil ar an dlúthdhiosca.
- Nuair a bheidh an dlúthdhiosca seinnte agat uair amháin agus athrá déanta acu mar ghrúpa uair amháin ar gach abairt, seinn an dlúthdhiosca arís agus an t-am seo, iarr ar fhoghlaimeoirí aonair an abairt a dúradh (ar an dlúthdhiosca) a rá.
- Éist leo agus déan cibé ceartúcháin nó athchleachtadh is gá.

© OÉ Má Nuad